RIALACHÁN (AE) 2021/376 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2021

lena mbunaítear cosc iascach sealadach le haghaidh péirsí mara i limistéar NAFO 3M i gcás soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2021.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta meántéarma a chionroinntear le haghaidh na tréimhse roimh an 1 Iúil 2021 ídithe ag gabhálacha an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M a rinne soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc sin go dtí an 30 Meitheamh 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le haghaidh an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021 san áireamh, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo go dtí an 30 Meitheamh 2021 san áireamh, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	02/TQ92
An Ballstát	An tAontas Eorpach (Na Ballstáit uile)
Stoc	RED/N3M.
Speiceas	Péirsí mara *(Sebastes* spp.*)*
Limistéar	NAFO 3M
Tréimhse choiscthe	an 10 Feabhra 2021 ar 24.00 UTC go dtí an 30 Meitheamh 2021